

An Béal Beo: Foclóireacht agus Frásaíocht na Gaeilge

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

24-25 Samhain 2023



Aoi-Léachtaí

An Dr Marcas Mac Coinnigh (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste)

‘Saíocht ár Sinsear: Pairéimeolaíocht na Gaeilge’

Foilsíodh trí mhórchnuasach seanfhocal san fhichiú haois a léirigh an dáimh mhór a bhí ag muintir na tíre seo le saíocht a sinsear, mar atá *Seanfhocla Uladh* (Ó Muirgheasa 1907, 1936), *Seanfhocail na Muimhneach* (Ó Siochfhradha 1926) agus *Sean-fhocla Chonnacht* (Ó Máille 1948, 1952). Ba sna cainteanna seo, de réir An tSeabhaic (1926: iii), a bhí ‘fir-spioraic ár dteangan– i ndeilbh na cainnte, i gcrúinneas an aithisc, i nochtadh na smaointe.’ Sa pháipéar seo, úsáidfear ábhar na mbailiúchán chun léargas a thabhairt ar chuid de na ceisteanna is cigiltí i réimse na pairéimeolaíochta comhaimseartha. I measc na n-ábhar faoi chaibidil beidh sainmhíniú, aicmiú agus téarmaíocht; comhthéacs úsáidte agus brí phragmatach, agus modhnú foirmeacha.

An Dr Seán Ua Súilleabháin (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh)

‘Foclóir an Phluincéadaigh agus foclóireacht na Gaeilge sa tseachtú haois déag’

Is beag duine seochas an tOllamh Tomás de Bhaldraithe a dhein puinn taighde ar fhoclóir an Phluincéadaigh. ‘Athair fhoclóireacht na Gaeilge’ a bhaist de Bhaldraithe air, agus ní raibh aon dul amú air. Is é an Pluincéadach, sa mbliain 1662, a chuir le chéile an chéad fhoclóir iomlán Gaeilge, ag tarrac ar fhoclóirí móra Laidne agus Béarla a bhí ar fáil sa tseachtú haois déag. Cuid de thábhacht an fhoclóra is ea go bhfuair Edward Lhuyd ar iasacht é agus gur chuir sé focail as obair an Phluincéadaigh isteach sa bhoclóir Gaeilge agus Béarla a fhoilsigh sé in *Archaeologia Britannica* (Oxford 1707). Sa pháipéar so tabharfad stracfhéachaint ar fhoclóireacht na Gaeilge sa tseachtú haois déag agus déanfar ainilís níos mine ar obair an Phluincéadaigh ná a deineadh go dtí so.

An Dr Sharon Arbuthnot (Ollscoil Cambridge)

‘Dictionaries, Dates and the Distinctiveness of eDIL’

Digitisation has provided an opportunity for dates to be attached to the citations in many historical dictionaries and for dates suggested in the hard-copy versions of others to be reassessed and revised. In this context, the Dictionary of the Irish Language remains something

of an anomaly, for despite being available online since 2007, citations in eDIL rarely have any indication of the period to which they belong and are not ordered within entries in a way which would suggest a clear line of development across time.

Since February 2023, a new project, based at Queen’s University Belfast and at the University of Cambridge, has been exploring how dated evidence from the dictionary might be used to enhance our understanding of the chronology of words and phrases in the Irish lexicon as far as c.1650 (the upper limit for citations in eDIL). As might be expected, the first year of research on that project has revealed a great deal about the materials and policies on which the historical dictionary was built. While there have been fascinating insights into dictionary-making in the late nineteenth and twentieth centuries, various factors have come to light which complicate the work of providing neat, reliable word-histories for the thousands of entries contained in eDIL.

This paper reflects on the sources used to compile the original Dictionary of the Irish Language and on the assumptions and approaches to lexicography which make this a rather unusual historical dictionary. Solutions considered for retro-actively attaching dates to citations will be discussed also and first findings of the new project introduced to illustrate the potential of this research for establishing when particular terms entered the language, shifted sense, peaked and declined.

Achoimrí

An Dr Charles Dillon (Foclóir Stairiúil na Gaeilge, Acadamh Ríoga na hÉireann) ‘Caint Chraicneach: Foclóir Mháirtín Uí Chadhain’

Idir 1937 agus 1946 bhí Máirtín Ó Cadhain (1906-1970) i mbun foclóir a scríobh bunaithe ar chanúint na Gaillimhe. Réitigh sé breis agus milliún focal lámhscríofa de théacs, idir ceannfhocail, sainmhínithe agus samplaí úsáide, rud a fhágann go bhfuil corpas suntasach de Ghaeilge Chonamara againn a thugann tuairisc ar chaint na dúiche sin ó thús an chéid seo caite. Tá foclóir seo Uí Chadhain á chur in eagar in Acadamh Ríoga na hÉireann (focloiruichadhdhain.ria.ie). Is ón chaint is mó, dealraíonn sé, a tharraing an Cadhnach na samplaí úsáide a bhí aige chun bríonna agus fobhríonna focal a léiriú agus a dhealú ó chéile. Tabharfaidh an páipéar seo léargas ar dhamhna na samplaí foclóireachta seo, agus ar an gcaoi ar tharraing an Cadhnach ar chaint a mhuintire chun foclóir a chur i dtoll a chéile.

An Dr Christopher Lewin (Ollscoil na Gaillimhe) ‘Staid reatha na foclóireachta do Ghaeilge Mhanann’

Caithfear súil sa pháipéar seo ar na foclóirí atá ar fáil do chainteoirí agus d’fhoghlaimoirí Ghaeilge Mhanann, ar an gcaoi ar tháinig ann dóibh, a gcuid buntáistí agus laigí, agus féidearthachtaí d’fhorbairt na foclóireachta don teanga amach anseo. Ós rud é nach maireann Gaeilge Mhanann mar theanga dhúchais phobail a thuilleadh, is maith an rud é gur chuir cainteoirí dúchais, John Kelly (1750–1809) agus Archibald Cregeen (1774–1841), dhá fhoclóir

téagartha Gaeilge-Béarla le chéile san ochtú agus san naoú haois déag ina bhfuil a lán focal ar marthain a bheadh cailte murach iad.

San fhichiú haois foilsíodh dhá fhoclóir Béarla-Gaeilge i gcomhthéacs na hathbheochana, *English-Manx Pronouncing Dictionary* le J. J. Kneen (1938) agus *English-Manx Dictionary* Douglas Fargher (1979), chomh maith le *Manx-English Dictionary* Phil Kelly (1991) atá bunaithe ar shaothar Fargher. Is díol suntais nár foilsíodh aon fhoclóir nua ón am sin, cé go bhfuil leaganacha digiteacha inchuadaithe den chuid is mó de na foclóirí thuasluaite anois ar fáil, chomh maith le corpus téacsanna suntasach (corpus.gaelg.im) a choinnítear ar bhonn deonach agus a bhfuil sé mar aidhm aige go fadtéarmach a bheith mar bhunús foclóir stairiúil.

Bheadh sé féaráilte a rá gur leagtaí níos mó béime ar chúrsaí ‘praiticiúla’ ó na 1980idí I leith, mar shampla ar naíonraí agus tumoideachas a bhunú, seachas ar an bpleanáil chorpais. Tá an chuma ar an scéal, áfach, go bhfuil tuiscint ag fás go bhfuil acmhainní teanga nua de dhíth agus tábhacht ag baint leo maidir le rath an phobail teanga amach anseo.

An Dr Claire Dunne (Institiúid Oideachais Marino)

‘Téarmeolaíocht agus Téacsleabhair: Forbairt Téarmaí don Aos Óg sa Saorstát’

Mar chuid d’iarrachtaí an tSaorstáit chun an Ghaeilge a chur ar ais i mbéal an phobail, tosaíodh ar Ghaeilge a mhúineadh go foirmiúil i mbunscoileanna ó Lá Fhéile Pádraig 1922 ar aghaidh. Chun tacú le múineadh na n-ábhar scoile trí mheán na Gaeilge foilsíodh go leor foclóirí de réir téamaí, go háirithe faoi scáth an chomhlachta náisiúnta foilsitheoireachta: An Gúm. Cé go bhfuil taifead maith ann de na foclóirí a cuireadh amach agus den fhorbairt téarmeolaíochta don phobal i gcoitinne (Mac Amhlaigh, 2008; Ní Ghallchobhair, 2014) níl an oiread céanna plé déanta ar fhoclóirí agus ar fhoclóirithe don aos óg. Pléifear ar dtús an chomaoin a chuir Bríd Bean Oireachtaigh ar oideachas an aosa óig ó thaobh foclóirí don aos óg a chumadh.

Bhí tionchar nach beag ag na gluaiseanna sna téacsleabhair Ghaeilge a bhí in úsáid nuair a bunaíodh an Saorstát chun cabhrú leis an nglúin óg na téarmaí agus a teanga a bhain lena saol a shealbhú. Iniúchfaidh an páipéar seo an chaoi ar imir cuir chuige oideolaíochta, go háirithe an Modh Díreach agus Modh na Sraithe, tionchar ar na téarmaí a samhlaíodh a bheith riachtanach don fhoghlaiméir óg. Iniúchfar freisin an chaoi ar imir tosaíochtaí eile i réimse na sláinte tionchar ar an gcineál téarmaí a cuireadh chun cinn sna téacsleabhair.

Cormac Breathnach (Rannóg na Foclóireachta, Foras na Gaeilge)

‘Foclóir nua le haisiompú do bhoise: Éachtaint ar an bpróiseas aisiompaithe a bhí mar bhonn faoi thionscadal nua foclóireachta Fhoras na Gaeilge’

Tá tionscadal nua foclóireachta ar bun ag Foras na Gaeilge i láthair na huairé ina bhfuil i gceist dhá fhoclóir nua a fhoilsiú faoi dheireadh an bliana 2027. Foilseofar foclóir nua Gaeilge-Béarla agus foclóir aonteangach Gaeilge a mbeidh 80,000 aonad céille iontu araon. Sa chaint seo, pléifear na chéad chéimeanna a glacadh sa tionscadal nua seo agus foireann an fhoclóra ag

iarraidh bunachar sonraí foclóireachta as Gaeilge a chur le chéile. I dtús báire, beartaíodh aisiompú a dhéanamh ar bhunachar sonraí an Fhoclóra Nua Béarla-Gaeilge (foclóir.ie) agus gach aistriúchán a iompú ina cheannfhocal agus gach ceannfhocal a iompú ina aistriúchán. Pléifear na buntáistí a bhain leis an gcinneadh sin chomh maith leis na dúshláin a chruthaigh sé, agus caithfear súil ar na réitigh a aimsíodh ar na dúshláin sin. Caithfear súil chomh maith ar shlite a mbeidh foireann an fhoclóra ag tabhairt tús áite d'aonaid chéille thar a chéile, cur chuige atá difriúil le cur chuige an FNBG.

Davis Sandefur (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath)

'Cúrsa Báis nó Beatha: Meafair an Bháis i Seanfhocail na Gaeilge'

Séard a bheidh sa gcaint seo ná cur síos ar an meafar coincheapúil, rud a luadh don chéad uair sa leabhar “Metaphors We Live By” le Lakoff agus Johnson (1980). Ina theannta sin, pléifear an chaoi a bhfuil na meafair seo ag athrú agus á gcuilleadh i mionteangacha an domhain faoi thionchar na mórtheangacha, mar a luaigh Mühlhäuser (2012), rud atá ar aon dul leis an méid a phléigh Ó Béarra (2007) maidir le húsáid nathanna cainte an Bhéarla in áit chinn dúchais na Gaeilge. Pléifear an easpa doiciméadaithe agus an tábhacht a bhaineann leis an doiciméadú, i gcomhthéacs na mionteangacha go háirid (Mühlhäuser 2012), fadhb atá ann sa nGaeilge chomh maith, in ainneoin na mbailiúchán seanfhocal atá ann (Mac Coinnigh 2013). Mar fhocal scoir, leis an bhfadhb seo a leasú, scrúdófar seanfhocail Ghaeilge a bhaineann leis an mbás, mar atá le fáil in Ó Máille (2010), in Ó Siochfhradha (2003) agus in Ó Muirgheasa (1976). Chuir Mac Coinnigh (2013) tús leis an obair seo agus é ag breathnú ar na cosúlachtaí atá ann idir meafair ghrá an Ghaeilge agus teangacha eile an domhain (mar shampla IS GALAR É AN GRÁ). Ag leanúint a loirg, léireofar na meafair atá le feiceáil sna seanfhocail a bhaineann leis an mbás (mar shampla, IS GALAR É AN BÁS) agus ar céard a léiríonn siad maidir leis an gcaoi a gcuireann siad síos ar an tuiscint a bhí ag na Gaeil ar an mbás.

Saothair a ceadaíodh:

Lakoff, G., & Johnson, M. (1980). *Metaphors We Live By*. University of Chicago Press.

Mac Coinnigh, M. (2013). "The Heart of Irish-Language Proverbs": A Linguo-Stylestic Analysis of Explicit Metaphor. *Proverbium: Yearbook of International Proverb Scholarship*, 30, 113-150.

Mühlhäusler, P. (2012). Prologue. In A. Idström, E. Piirainen, & T. Falzett (Eds.), *Endangered metaphors* (pp. 1–14). essay, John Benjamins Pub. Co.

Ó Béarra, F. (2007). Late modern Irish and the dynamics of language change and language death. In H. L. C. Tristram (Ed.), *The Celtic languages in contact* (pp. 260–269). essay, Potsdam University Press.

Ó Muirgheasa, E. (1976). *Seanfhocail Uladh*. (N. Ó hUrmoltaigh, Ed.) (3rd ed.). Oifig an tSoláthair.

Ó Máille, T. S. (2010). *Seanfhocla Chonnacht*. (D. Ó Bhraonáin, Ed.) (2nd ed.). Cois Life Teoranta.

Ó Siochfhradha, P. (2003). *Seanfhocail na Mumhan*. (P. Ua Maoileoin, Ed.) (2nd ed.). An Gum.

An tOllamh Fionntán de Brún (Ollscoil Mhá Nuad)

“Saillte le natháin” – cora cainte Shéamuis Uí Ghrianna agus an stair a bhaineann leo’

Is minic údar an natháin a bheith le fáil sa traidisiún béil. An scéal béaloidis, mar shampla, a mbíonn an cor cainte ag a dheireadh, insítear é leis an nathán a mhíniú. Ba as an traidisiún béil a fáisceadh Séamus Ó Grianna agus tá a shliocht sin ar a shaothar liteartha. Saothar é sin atá gairthe as an tsaibhreas cor cainte agus a thug ábhar fairsing d’Ailbhe Ó Corráin dá leabhar siúd *A Concordance of Idiomatic Expressions in the Writings of Séamus Ó Grianna* (1989). Ceist atá ar shlí a fiafraithe, áfach, cén gaol atá ag an traidisiún liteartha Ghaelach leis na cora cainte sin a bhfuil saothar Uí Ghrianna saillte leo? Pléifear an cheist áirithe sin sa pháipéar seo ag tarraingt ar oidhreacht litríocht na gaoise agus na bairdne i measc foinsí eile.

An Dr Gearóid Ó Cleircín; An Dr Abigail Walsh (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath) *‘Anótáil ar ainmfhocail chomhshuite i gcorpas béaloidis Gaeilge’*

Is éard atá i gceist le hainmfhocal comhshuite ná struchtúr teanga, déanta as ainmfhocal agus focal cáilithe amháin eile, ar a laghad, a léiríonn leibhéil éagsúla comhdhéantachta, ina mbíonn brí an struchtúir iomlán difriúil ó bhrí na gcomhpháirteanna ar leith (m.sh. crann úll vs crann taca). Chomh maith leis sin, is féidir baint an-sainiúil a bheith ag ainmfhocal comhshuite le réimse ar leith, mar a bhíonn i gcás na téarmaíochta (m.sh. aigéad hidreaclórach), nó is féidir leis a bheith an-ghinearálta, i gcás nach mbíonn saineolas ar réimse ar leith ag teastáil chun an struchtúr a thuiscint (m.sh. leabhar nótaí). Déanann an páipéar seo cur síos ar an bpróiseas chun anótáil a dhéanamh ar ainmfhocail chomhshuite i gcorpas ábhair lámhscríbhinne ó Chnuasach Bhéaloideas Éireann. Rinneadh tras-scríobh ar na lámhscríbhinní seo mar chuid de thionscadal dúchas.ie. Déantar na habairtí tras-scríofa a scagadh de lámh de réir treoirlínte anótála chun ainmfhocail chomhshuite fhéideartha (struchtúir de dhéantús dhá fhocal: ainmfhocal + ainmfhocal nó ainmfhocal + aidiacht) a aithint. Tugtar scór comhdhéantachta do gach ainmfhocal comhshuite i raon ó iomlán nathach (0) go dtí iomlán comhdhéanta (5). Tugtar scór sainiúlachta réimse dóibh chomh maith, i raon ó fhíorghinearálta (1) go fíorshainiúil (3). Úsáidfeadh an corpas anótáilte chun córais meaisínáistriúcháin a thraenáil agus a thástáil le haghaidh aistriúcháin Gaeilge-Béarla a dhéanamh ar theanga atá nathach agus/nó sainiúil do réimse. Déanfar comparáid freisin idir leibhéal comhdhéantachta agus sainiúlachta na n-ainmfhocail chomhshuite a aimseofar sa chorpas béaloidis agus a macasamhail a anótáladh i gcorpas cothromaithe cheana.

An Dr Gearóid Ó Domagáin (Ollscoil Uladh)

‘An foclóir dátheangach mar uirlis foghlama teanga: Suáilcís agus duáilcís’

Tá forbairtí móra déanta i réimse na foclóireachta dátheangáil Gaeilge le blianta beaga anuas agus tearma.ie, teanglann.ie, agus an Foclóir Nua Béarla-Gaeilge anois ann. Leagann Dziemianko (2012) amach gnéithe tipiciúla an ríomhfhoclóra chomhaimseartha agus is léir go bhfuil teacht ar chuid díobh seo i measc na bhforbairtí seo. Ní hé amháin go n-éascaíonn feidhmiúlacht dhigiteach na n-acmhainní seo an t-aistriúcháin idir an Béarla agus an Ghaeilge

ach cuimsítear iontu, treoir réime agus chomhthéacs, treoir foghraíochta agus treoir ghramadaí ar dlúthchodanna den phróiseas foghlama teanga iad.

Déanann Hublé (2001) Granger (2012) Levey (2015) cíoradh ar éifeachtúlacht ghinearálta na bhfoclóirí mar uirlisí foghlamtha teanga ach cé go bhfuil léargas cuimsitheach tugtha ag Mac Amhlaigh (2010) ar stair na foclóireachta Gaeilge, níor féachadh, go dtí seo, le hanailís a dhéanamh ar a mhéad atá na hacmhainní seo ag éascú thuras an fhoghlaimeora Gaeilge, foghlaimeoir mionteanga nach bhfuil a oiread foinsí tagartha aige agus a bhíonn ag foghlaimeoir mórtheanga.

Déanann an páipéar seo caibidil ar shuílce agus ar dhuáilce na n-acmhainní seo. I measc na nithe a ndéantar cíoradh orthu, tá an téarmaíocht, an natháíocht, an ghramadach, an chanúineolaíocht, an caighdeánú teanga, an fhoghraíocht agus dea-chleachtas ginearálta na foghlama teanga. Tá scil faoi leith ag baint le húsáid éifeachtach na bhfoclóirí (Měchura, 2017) agus tugtar léargas ar theagasc na scile sin chomh maith le moltaí chun feabhais arbh fhiú do lucht foclóireachta aird a thabhairt orthu.

An Dr Kevin Hickey (Coláiste na Tríonóide)

“An Bhliain a Bhíos Ann”: Plé ar an gClásal Coibhneasta ag Painéal Leagan Cainte

Clár é *Leagan Cainte* a chraoltaí gach seachtain ar *RTÉ Raidió na Gaeltachta* ar feadh breis agus deich mbliana, áit a seoltaí litreacha isteach chuig an bpainéal agus ceisteanna ón bpobal iontu faoi ghnéithe de chruinneas agus de shaibhreas na teanga.

Rinneadh scagadh ar go leor téamaí a bhain leis an gcaoi a raibh an Ghaeilge ag athrú tráth an chraolta. I measc na n-ábhar ar chuir an painéal caidéis orthu, bhí ceist an chláisail choibhneasta.

Sa pháipéar seo, tugtar chun solais na hathruithe atá tagtha ar úsáid an ghné sin de láimhseáil an bhriathair le 30 bliain anuas, agus léirítear na tuairimí a bhí ag an bpainéal i leith na n-athruithe úd ó thaobh na haeistéitice agus ó thaobh an chruinnis araon.

Anuas air sin, soláthraítear samplaí d’úsáid an chláisail i gcomhthéacsanna nádúrtha sa chaint agus i bhfoinsí scríofa Gaeltachta araon, agus scrúdaítear an éagsúlacht atá idir na canúintí mar gheall ar an gceist seo.

Cé is moite den aird a tharraingíonn an ghné seo de ghramadach na Gaeilge ar íogaireacht na cluaise, ní miste deacrachtaí an aosa óig ina leith a mheabhrú, maille leis na himpleachtaí a d’fhéadfadh a bheith ag na deacrachtaí céanna don láimhseáil a dhéanfaidh siad ar fhorainmneacha réamhfhoclacha amach anseo, gan trácht ar an gcomhréir trí chéile.

Lee Vahey (Rannóg na Foclóireachta, Foras na Gaeilge)

‘Léargas ar obair na heagarthóireachta foclóireachta ar Fhoclóirí Nua Gaeilge 2022-2027’

Sa gcaint seo, tugtar cuntas achomair ar ghnéithe den obair a bhíonn ar siúl ag lucht eagarthóireachta na bhfoclóirí Nua Gaeilge, mar atá *an Foclóir Aonteach Gaeilge* agus *an Foclóir Nua Gaeilge-Béarla*. Caithfear léas go sonrach ar rogha de nósanna imeachta na heagarthóireachta i gcoitinne, lena n-áirítear:

- sreabhadh oibre na heagarthóireachta foclóireachta
- mar a bheartaítear ar shamplaí úsáide a chur le ceannfhocal

Cuirfear i láthair chomh maith roinnt de na dúshláin eagarthóireachta a bhíonn le sárú ag an bhfoireann eagarthóireachta, lena n-áirítear:

- dúshláin teanga, chanúna, agus chomhréire
- mar a bheartaítear ar aonaid chéille Ghaeilge a scaradh nó a chumasc
- mar a bheartaítear ar leagan(acha) Béarla a thabhairt ar cheannfhocal Gaeilge

Táthar ag súil leis go dtabharfaidh an cuntas achomair úd léargas ní hamháin ar obair laethúil na foirne eagarthóireachta ach ar fheidhm agus ar scóip na bhFoclóirí Nua Gaeilge, mar atá foclóir ginearálta tuarascálach a thiomsú, ina gcuimseofar an Ghaeilge mar atá sí dá labhairt sa lá atá inniu ann sna trí mhórchanúint.

An Dr Liam Mac Amhlaigh (Ollscoil Mhá Nuad)

‘Foclóir faoi scáil? Foclóir Béarla-Gaedhilge Mhic Cionnaith (1935)’

Leis an mborradh a bhí ag teacht ar an nGaeilge i gcúrsaídeachais ó bhunú an Stáit nua, níor leor iarrachtaí Rannóg an Aistriúcháin Thithe an Oireachtais i dtéarmaí dlí agus riaracháin Dála leis an réimse focal a bhí ag teastáil ón Stát a sholáthar agus a chuimsiú, agus a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara éagsúla. I ndeireadh na 1920í, tuigeadh don rialtas gur ghá foclóir ceart Béarla-Gaeilge a chur ar fáil. Tabharfaidh an páipéar seo léargas achoimreach ar chuid de thréithe suaithinseacha Foclóir Béarla-Gaedhilge (FBG) Láimhbheartach Mhic Cionnaith, nó go deimhin Foclóir Earnáin de Blaghd ab’fhéidir?

Mhair tiomsú an fhoclóra cúig bliana le tacaíocht, i measc eile, ó Niall Ó Dónaill ina chúntóir. Bhí taithí ag an díograiseoir Mac Cionnaith cheana ar an gceird agus foclóir beag nathanna curtha i dtoll a chéile aige in 1911. Caitheadh dua agus rinneadh tosaíocht den ábhar canúineolaíoch san FBG ach cén seasamh atá ag foclóir mar seo i scéal na foclóireachta san aois seo caite? Le 1546 leathanach agus ca. 23,000 ceannfhocal, conas mar is féidir anailís a dhéanamh ar a dhéantús i gcomórtais le saothair eile na linne? Tabharfar sracfhéachaint ghairid ar na ceisteanna seo le solas a chaitheamh ar an bhfoclóir uathúil.

An tOllamh Liam Mac Mathúna (An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath)

‘Liostaí agus foclóirí Thaidhg Uí Neachtain: straitéis chomónta léinn nó beartais aonair?’

Bhí an scoláire Baile Átha Cliathach Tadhg Ó Neachtain (1671–1752) an-tugtha do liostaí den uile shaghas a chur le chéile. Tá cúig cinn dá chuid le fáil i Leabharlann Óstaí an Rí (KIL LS

20). Orthu seo tá (1) trí liosta de logainmneacha Éireannacha, a chuimsíonn gnéithe aiceanta chomh maith le haonaid riaracháin, (2) leagan Gaeilge de ghluaisre luibheolaíochta (Laidin/Béarla/Gaeilge), *Synopsis Stirpium Hibernicarum*, le Caleb Threlkeld, a foilsíodh i mBaile Átha Cliath (1726, 1727) agus (3) ainmneacha fauna i mBéarla, i nGaeilge agus i Laidin.

Ar ndóigh, liostáil *par excellence* atá i gceist le foclóir a thiomsú agus is réimse scoláireachta é an fhoclóireacht a raibh an-dúil ag Tadhg Ó Neachtain ann. Dá chomhartha sin, thóg sé air féin an foclóir Laidin-Béarla-Gaeilge, a raibh an tAthair Proinsias Wailis (1654–1724) ag obair air nuair a cailleadh é, a thabhairt chun críche. *Dictionarium Latino-Anglo-Hibernicum* is ainm don saothar seo, atá 649 fóilió ar fhad, LS Z 3.1.13 i Leabharlann Marsh, Baile Átha Cliath anois. Anuas ar an obair seo, is amhlaidh a thiomsaigh Ó Neachtain dhá fhoclóir dá chuid féin: (1) foclóir gearr Gaeilge-Béarla (TCD LS 1361 (H. 4. 20)), agus ceann mór Gaeilge-Béarla a bhfuil 1067 leathanach ann (TCD LS 1290 (H. 1. 16)).

Scrúdóidh an páipéar seo ábhar agus leagan amach na liostaí a bhreac Tadhg Ó Neachtain i KIL LS 20, agus an cur chuige a chleacht sé nuair a bhí sé i mbun a shaothar foclóireachta, féachaint cén gaol atá eatarthu agus an féidir straitéis chomónta léinn a shamhlú leo.

Maureen MacKinnon (Ollscoil na Gaillimhe)

‘A’ Togáil Tíre – Focláíocht agus Frásaíocht na Gaeilge agus na Gàidhlig’

Tá taighde iarchéime ar bun agam in Ollscoil na Gaillimhe, ag déanamh anailís chomparáideach ar fhocláíocht agus frásaíocht na Gaeilge agus na Gàidhlig. Tagann i bhfad níos mó ná focláíocht amháin chun cinn i staidéar teanga-bhunaithe. Tugann taighde den chineál seo léargas ar nithe eile a nochtáítear tríd an teanga labhartha—cuinsí staire, obair, imeachtaí agus ócáidí ar leith sa bpobal, cleachtais, cultúr agus traidisiúin. Léirítear an cruinneshamhail dúchais go soiléir tríd focail agus frásaí. Ní féidir tuiscint chruinn agus beacht a fháil ar theanga má fhágtar na nithe seo ar lár; deir an fhianaise sa teanga labhartha féin nach féidir staidéar fuarchúiseach a dhéanamh uirthi, gan plé agus anailís a dhéanamh ar na tagairtí seo chomh maith.

Sa bpáipéar seo, pléifear réimse focláíochta agus frásaíochta atá tagtha chun solais tríd an taighde; focail agus frásaí a thugann fianaise ar chúrsaí staire, béaloideas, miotaseolaíocht, cultúr agus traidisiúin, agus obair laethúil na nGael in Albain agus in Éirinn. Tugann an t-eolas seo ar fad léargas suntasach ar stair agus ar chultúr chomónta na nGael ar an dá thaobh de Shruth na Maoile.

Nadia Blanchfield; An Dr Séamus Dillon (Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt)

‘Ag Tógáil na Teanga – Idirghabháil oiliúna teicneolaíocht digítí a chur i bhfeidhm’

Tá foireann ildisciplíneach ó SETU agus Údarás na Gaeltachta i mbun taighde i nGaeltachta na nDéise i gcontae Port Láirge. Is tionscnamh taighde gníomhaíoch é seo atá dírithe ar fhorbairt cumais teicneolaíochta digítí i ngnóthaí Gaeltachta. Is í aidhm an taighde ná

idirghabháil oiliúna teicneolaíocht digití a chothaíonn forbairt chumais teicneolaíochta dhigití i bpobail ghnó tuaithe a úsáideann an Ghaeilge mar theanga dúchais chun buntáiste iomaíoch a bhaint amach agus iad ag dul i ngleic lena dtimpeallacht ghnó.

Is taighde dátheangach é seo atá ag plé le gnólachtaí sa Ghaeltacht, rud a chiallaíonn go gcaithfear cumarsáid a dhéanamh as Béarla agus as Gaeilge. Déantar na cáipéisí ar fad a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge. Úsáidtear go leor téarmaíocht speisialtacha maidir le forbairt teicneolaíocht digití agus forbairt gnó tuaithe. Tugadh faoi deara nach bhfuil aistriúchán Gaeilge ar chuid dóibh go fóill. Chun idirghabháil chomhchruthaithe a chur i bhfeidhm le cainteoirí dúchais Gaeilge, ní mór tuiscint iomlán a fháil ar na téarmaí atá in úsáid trí lionsa Gaeilge. Mar thoradh, is léir go bhfuil aistriúcháin nua agus éagsúla ag teastáil.

Cruthaíodh stór focail le na téarmaí seo atá aistriú déanta orthu agus machnamh cúramach déanta maidir le cultúr agus comhthéacs. Déanann an páipéar seo cur síos ar an stór focail seo, cuid de na téarmaí a chruthaíodh agus an próiseas a thugadh faoi.

An Dr Pádraig Mac Aodhgáin (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh)

‘Sruthanna eolais dhátheangaigh i struchtúir dhigiteacha do cheol traidisiúnta’

De réir mar a théann taighdeoirí i ngleic le saincheisteanna an náisiúnachais agus oidhreachtaí an choilíneachais, tá sé tábhachtach tuiscint a fháil ar na tionchair chaolchúiseacha a bhíonn ag an mbonneagar digiteach ar an gcultúr. Díríonn an páipéar seasaimh seo ar conas a dhéanaimid cuardach agus aimsiú ar acmhainní ceoil eitneacha dátheangacha trí scrúdú a dhéanamh ar mhéadú na sonraíochta do cheol traidisiúnta na hÉireann ar an nGréasán Domhanda.

D’fhéadfadh tionchar féideartha a bheith ag córais aisghabhála faisnéise ar an nGaeilge féin, teanga mhionlaithe, a bhfuil impleachtaí aige maidir le cleachtais chomhaimseartha na cumadóireachta ceoil. Chun tuiscint a fháil ar an athrú atá tagtha ar léiriú na Gaeilge le himeacht ama, rianaim stádas na dteideal Gaeilge laistigh de thras-scribhinní de cheol traidisiúnta na hÉireann, ó úsáidí luaithe i bhfoinsí clóite tábhachtacha anall go dtí acmhainní digiteacha atá ar fáil anois laistigh d’infrastruchtúir atá scaipthe ar fud an Ghréasáin Domhanda.

I measc na luath-bhailiúcháin liteartha de cheol rince sa traidisiún seo tá teidil Bhéarla agus Ghaeilge mar aon le córais éagsúla nodaireachta ceoil (féach *O’Neills 1001 Gems agus Ceol Rince na hÉireann*). Leis an athrú a tháinig ar an slí a léirítear séiseanna fonn tras-scríofa agus teidil fonn ar an nGréasán Domhanda is ea a cruthaíodh go leor córas éagsúla don chuardach agus *Music Information Retrieval* (MIR). Tá roinnt struchtúr MIR chun cinn atá nuálach agus a chuidíonn le “úsáideoirí deiridh” rochtain a fháil ar na bailiúcháin chlóite i bhfoirm dhigiteach, ar nós na suíomhanna gréasáin *TheSession.org*, *Folk Tune Finder*, *Linked Data ontology LITMUS*, agus an aip mhóréilimh ar aisghabháil faisnéise (MIR) *TunePal*. Mar aon le roinnt córas neamhdigiteach, cuireann siad ar chumas taighdeoirí, cartlannaithe, taibheoirí agus díograiseoirí foinsí ceoil traidisiúnta na hÉireann a aisghabháil ar iliomad slite éagsúla. Trí athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú na gcóras seo, léirim mar dhéanann modhanna éagsúla

aisghabhála faisnéise atá leabaithe in úsáid córais analógacha agus digiteacha cumasú agus teorannú ar léirithe ilteangacha de cheol traidisiúnta na hÉireann.

An Dr Pádraig Ó Mianáin (Rannóg na Foclóireachta, Foras na Gaeilge)
‘Ceist dubh is bán? Na dathanna sna foclóirí comhaimseartha Gaeilge’

Sa chaint seo, caifear súil agus déanfar plé ar roinnt de na dúshláin atá le sárú sna foclóirí comhaimseartha Gaeilge ó thaobh riar ar riachtanais na n-úsáideoirí sna hiontrálacha a bhaineann le réimse na ndathanna. Is dúshlán as féin é lipéad datha Gaeilge a aimsiú nó a shannadh a mheaitseálann go beacht le lipéad datha Béarla. Is dúshlán eile é an líon múnlaí atá againn sa Ghaeilge le haghaidh na lipéad datha, msh *gorm*, *gorm éadrom*, *gorm cóbailt*, *gorm an rí*, *uachtar*, *dath an fhíona*, srl. Fiú nuair a bhíonn an lipéad datha socraithe, ní leor sin mar sholáthar foclóireachta don úsáideoir gan treoir maidir le húsáid aitreabúideach agus fhaisnéiseach na múnlaí éagsúla, rud a éilíonn samplaí úsáide a léiríonn an úsáid sin. Agus anuas air sin uilig tá an cheist chigilteach a bhaineann le ceart na teanga traidisiúnta agus an córas lipéid datha dúchasach versus tuiscintí cuid mhór de phobal Gaeilge ár linne ar trí scagaire an Bhéarla a fhoghlaimíonn agus a aithníonn siad na dathanna agus na líonna atá ar a bpailéad dathanna inmheánach féin. Agus breis is 200 iontráil datha i gcorpas na bhfoclóirí atá idir lámha, cá hiontas do na foclóirithe a bheith ag cur na seacht ndath díobh féin.

An Dr Tracey Ní Mhaonaigh (Ollscoil Mhá Nuad)
‘Is mór idir na haimsirí – Ó cháineadh Croidhe Cainte Ciarraighe go ceiliúradh Teasáras Gaeilge-Béarla’

Tá an méid seo a leanas ar chlúdach shaothar nua Garry Bannister, *Teasáras Gaeilge-Béarla*:

Ócáid chinniúnach staire í seo i staidéar na teanga agus a cultúir. Agus beagnach 700,000 focal iniúchta ann, is leabhar tagartha é nach bhfuil a mhacasamhail ar fáil inniu. Taifead cuimsitheach é a nochtann scéimh, solúbthacht, doimhneacht agus stair na Gaeilge... Cuimsíonn an teasáras seo comhchiallaigh, cleachtaí agus nósanna cainte, comhcheangail fhocal, leaganacha logánta agus seanfhocail.

Níl rud ar bith sa chur síos sin nach bhféadfaí a lua le hollsaothar Sheáin a’Chóta, *Croidhe Cainte Ciarraighe* (CCC), ach áit a leagtar béim ar ócáid chinniúnach staire i gcás shaothar Bannister, is é a bagraíodh an dlí ar thiomsaitheoir an tsaothair eile. Áit a maítear as na leaganacha éagsúla ar fad atá sa saothar nua, cuireadh *padding* ina leith nuair a rinne Seán Óg Ó Caomhánaigh an rud céanna. Tá CCC breac le comhchiallaigh, cleachtaí agus nósanna cainte, comhcheangail fhocal, leaganacha logánta agus seanfhocail, chomh maith, agus díreach faoi bhun 2 mhiliún focal ar fad atá ann.

Sa pháipéar seo, ba mhaith liom solas a chaitheamh ar an olltobar saibhris a thoisnaigh Seán Óg Ó Caomhánaigh agus ar a fhiúntas do lucht labhartha agus lucht scríofa na Gaeilge araon.

An Dr Úna Bhreathnach (Fiontar & Scoil na Gaeilge DCU); Cormac Breathnach (Foras na Gaeilge); An Dr Pádraig Ó Mianáin (Foras na Gaeilge); An Dr Mícheál Ó Meachair (Fiontar & Scoil na Gaeilge DCU); An Dr Gearóid Ó Cleircín (Fiontar & Scoil na Gaeilge DCU)

‘Sainchorpas foclóireachta na Gaeilge agus a luach’

Corpas aonteangach 100 milliún focal atá i gCorpas Foclóireachta na Gaeilge, corpas a chruthaigh grúpa taighde Gaois i 2020-21 do thionscadail foclóireachta Fhoras na Gaeilge. (Tugtar CFG2021 ar an leagan seo den chorpas, óir go bhféadfaí inneachar an chorpais a athrú amach anseo.) Príomhspríoc na hoibre seo corpais éagsúla a bhí tiomsaithe cheana ag Foras na Gaeilge, ag grúpa taighde Gaois agus ag an Ollamh Kevin Scannell (mar shampla, Corpas na Gaeilge Comhaimseartha, Nuachorpas na hÉireann, tras-scríbhinní ó chláracha ar Raidió na Gaeltachta, agus Corpas an Chrúbadáin) a thabhairt le chéile faoi chomhéadan inchoardaithe amháin.

Sa chéad chuid den pháipéar seo, mínítear comhthéacs an tionscadail agus na riachtanais a spreag na cinntí a tógadh lena linn. Tugtar spléachadh ar inneachar an chorpais agus ar an acmhainn a cruthaíodh lena chuardach.

Sa dara cuid den pháipéar, léirítear an úsáid phraiticiúil a bhaineann foireann an Fhoclóra as an gCorpas Foclóireachta, mar shampla, an cineál taighde a dhéanann eagarthóirí sa chorpas agus fianaise á lorg acu maidir le riocht na teanga beo sa lá atá inniu ann. Caitear súil ar na cineálacha ceistanna a bhíonn ag dó na geirbe ag eagarthóirí foclóireachta agus pléitear na buntáisí a bhaineann le corpas comhaimseartha mar CFG2021 a bheith ar fáil dóibh agus foclóir aonteangach Gaeilge agus foclóir nua Gaeilge-Béarla á dtiomsú acu.